# Ceannach Míreanna Neamhchaipitil TFC le hAirgead Deontais TFC a Fuarthas

(An nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo: Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Ba cheart caitheamh an deontais TFC a ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí aitheanta Phlean Foghlama Digiteach na scoile agus próisis Féinmheastóireachta na Scoile.

Is féidir an deontas TFC a infheistiú i réimse teicneolaíochta a chaithfear a aicmiú mar earraí caipitil nó neamhchaipitil ó thaobh na cuntasaíochta de.
Féach thíos samplaí d'earraí caipitil agus d'earraí neamhchaipitil.

Earraí Caipitil

- Ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid nó gléasanna hibrideacha
- Teilgeoirí, cláir bhána, scáileáin idirghníomhacha
- Nascacht leathanbhanda agus idirlín feabhsaithe

Féach "Cur Chuige Cuntasaíochta Uimh. 9 maidir le Ceannach Earraí Caipitil TFC as Airgead Deontais TFC a Fuarthas".

Míreanna Neamhchaipitil

- Uirlisí néalbhunaithe agus feidhmchláir bogearraí chun tacú leis an bhfoghlaim.
- Ardáin foghlama – is feidhmchláir néalbhunaithe iad seo de ghnáth a úsáidtear chun tacú leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama.

Is iad cuid de na hardáin agus na huirlisí foghlama is coitianta atá á n-úsáid ag scoileanna ná
Google G Suite for Education (lena n-áirítear Google Classroom) nó Microsoft Office 365/Teams, Apple, Schoology, Edmodo, Schoolwise, KhanAcademy, Zoom, ClassDojo, agus Seesaw.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le TFC Neamhchaipitil

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaitheamh an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

**2.1 Nuair a fhaightear an t-ioncam deontais**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas a fháil | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2165 | Deontas TFC gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |

**2.2 Nuair a cheannaítear an t-earra**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| An t-earra a cheannach | DR | 4410 | Costas Neamh-Chaipitiúil ó Dheontas TFC Caiteachas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas neamhchaipitil ó dheontas neamhchaipitil TFC a léiriú sa leabhar cúnta | DR | 2165 | Deontas TFC gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3230 | Deontas TFC Neamhchaipitiúil Ioncam |

**2.3 Cuntas ar iarmhéid an deontais nár caitheadh**

Is deontas imfhálaithe é an deontas TFC agus ní mór an t-iarmhéid nár caitheadh ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air faoin gcód ainmniúil 2165 Deontas TFC gan Chaitheamh.